Coimisiún na Meán

Gearáin Craolacháin & Físeáin ar Éileamh

# Tuarascáil Léargais

*Foilsithe: 11 Bealtaine 2026*

# Réamhrá

Coimisiún na Meán

Thosaigh Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") ag fáil agus ag glacadh le gearáin maidir le hinneachar craolta agus closamhairc ar éileamh (Físeán ar Éileamh) ón 15 Márta 2023, nuair a bunaíodh é chun teacht in áit na heagraíochta a bhí ann roimhe sin, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), agus tá 5 Choimisinéir ("an Coimisiún Cinnteoireachta") i gceannas air. Tacaíonn an próiseas láimhseála gearáin le misean an Choimisiúin tírdhreach meán a rialáil, tacú leis agus é a fhorbairt mar bhonn agus mar thaca ar chearta bunúsacha, cothromaíocht a bhaint amach idir an tsaoirse cainte agus neamhspleáchas eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán agus leasanna an lucht féachana, go háirithe leanaí, a chosaint.

Is é cuspóir na tuarascála seo daoine den phobal a chur ar an eolas faoi líon agus cineálacha na ngearán ar ghlac an Coimisiún leo. Is é is aidhm don tuarascáil seo tacú le tuiscint níos fearr ar chur chuige an Choimisiúin maidir le gearáin a láimhseáil agus ar an gcaoi a ndéanann an Coimisiún Cinnteoireachta cinneadh maidir le gearáin.

Is éard atá sa tuarascáil seo ná:

- Léargas ar an bPróiseas Láimhseála Gearán
- Líon agus cineálacha na ngearán a fuarthas idir an 15 Márta 2023 agus an 3 Nollaig 2025
- Léargas agus treochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le gearáin
- Breithnithe Cinnteoireachta
- Cás-Staidéir

Is éard atá i líon agus staitisticí na ngearán sa tuarascáil seo ná gearáin a fuair an Coimisiún agus a ndearna sé cinneadh ina leith idir an 15 Márta 2023 agus an 3 Nollaig 2025, mura sonraítear a mhalairt.

**Séanadh**: Úsáideann an tuarascáil seo Gaeilge shimplí agus ullmhaíodh í chun críocha faisnéise amháin. Níl aon treoir dlí nó rialála inti agus níor cheart brath urithi mar threoir dlí no rialála.

Tá an fhaisnéis bunaithe ar mheasúnú Choimisiún na Meán féin ar a chuid sonraí agus staitisticí. Rinneadh gach iarracht réasúnta a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis sa Tuarascáil cruinn agus cothrom le dáta, is chun críocha faisnéise amháin í.

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.



Public

# An Próiseas Láimhseála Gearán

Coimisiún na Meán

## Céim 1 – Bailíocht

- Cuireann daoine den phobal gearáin isteach nuair a chreideann siad gur sáraíodh caighdeáin reachtúla nó rialála.
- Déanann an fhoireann gearán athbhreithniú ar aighneachtaí gearáin chun a chinntiú go gcuirtear gach faisnéis ábhartha san áireamh chun go nglacfar le gearán sa phróiseas.

## Céim 2 – Athbhreithniú an Choimisiúin Cinnteoireachta

- Measann an Coimisiún Cinnteoireachta an t-ábhar uile atá ábhartha don ghearán.
- Déanann an Coimisiún Cinnteoireachta cinneadh maidir le gearán a atreorú nó a dhiúltú.
- Spreagann atreorú chuig an gcraoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh réiteach gearán ag an bhfoinse.
- Tugtar fógra do ghearánaigh faoi dhiúltú laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh, agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna leis an gcinneadh.
- Ciallaíonn atreorú chuig duine údaraithe go ndéanfar tuilleadh machnaimh ar an ngearán.

## Céim 3 – Cinneadh Iniúchadh a Dhéanamh

- Breithníonn duine údaraithe gearán atreoraithe agus cinneann sé/sí an ndearnadh sárú ar chaighdeáin agus más ea, cé acu ar ghá iniúchadh a dhéanamh nó nár gá.



Public

# Forbhreathnú ar Staitisticí na Tréimhse Tuairiscithe

Coimisiún na Meán

**186** Gearán ar glacadh leo agus a ndearnadh cinneadh maidir leo le linn na tréimhse tuairiscithe.

**100%** Bhain gach gearán ar glacadh leis laistigh den tréimhse tuairiscithe le caighdeáin inneachair. Níor bhain aon ghearán le seirbhísí rochtana, teorainneacha ama fógraíochta, nó íosmhéid nuachta agus cúrsaí reatha.

**251** Líomhaintí maidir le sáruithe ar chaighdeáin reachtúla (Cuid 3B den Acht Craolacháin, 2009).


**231** Líomhaintí maidir le sáruithe ar chaighdeáin rialála (cóid agus rialacha maidir le seirbhísí meán arna n-ullmhú ag an gCoimisiún).


Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Forbhreathnú ar Staitisticí na Tréimhse Tuairiscithe




Tugann na sonraí le fios nach bhfuil an pobal ar an eolas gur féidir gearáin a dhéanamh faoi sheirbhísí físeáin ar éileamh nó, mar gheall ar an gcineál rochtana a bhíonn ag daoine ar inneachar físeáin ar éileamh, gur lú an tionchar a bhíonn ar dhaoine toisc gur féidir leo an méid ar a bhreathnaíonn siad a roghnú.

Cé nár ghlacamar le haon ghearán faoi Sheirbhísí Rochtana, is eol dúinn ónár n-idirghníomhaíochtaí le Painéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí Rochtana go bhfuil roinnt míshásaimh ann maidir le líon agus cáilíocht na Seirbhísí Rochtana atá ar fáil ar chraoltaí Teilifíse.

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Cad is féidir gearán a dhéanamh ina leith? Caighdeáin Reachtúla & Rialála



Public

# Cad is féidir gearán a dhéanamh ina leith? Caighdeáin Reachtúla

Coimisiún na Meán

## Caighdeáin Reachtúla

An tAcht Craolacháin 2009, arna leasú.

- Díobháil, masla míchuí, gríosú chun coireachta, gríosú chun foréigin nó fuatha i gcoinne daoine agus grúpaí sa tsochaí, nó aon rud a bhaineann an bonn d'údarás an Stáit (46J)
- Príobháideachas (46K)
- Nuacht agus cúrsaí reatha (46L)
- Fógraíocht (46M(2) & (3), 106(3), 127(6) (fógraíocht))
- Coinneáil taifead (46P(1)(2))

Baineann siad sin le hinneachar a chraoltar nó a chuirtear ar fáil ar sheirbhís físeáin ar éileamh.

Is féidir le gearáin sárú ar chaighdeán reachtúil amháin nó níos mó agus/nó ar chaighdeán rialála amháin nó níos mó a líomhain – fad is a bhaineann siad leis an inneachar agus leis an tseirbhís a ndéantar gearán ina leith.

## Caighdeáin Rialála

Cóid agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán an Choimisiúin.

- An Cód Caighdeán Clár
- An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta & Neamhchlaontachta sa Nuacht & i gCúrsaí Reatha
- An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála
- An Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí
- Rialacha Rochtana do Chraoltóirí Teilifíse
- Rialacha maidir le Fógraíocht & Teilishiopadóireacht
- Cód & Rialacha Soláthraithe Seirbhíse Meán Closamhairc ar Éileamh ("An Cód maidir le Físeán ar Éileamh")

Níl feidhm ach ag an "gCód Físeáin ar Éileamh" maidir le hinneachar a bhfaightear rochtain air ar sheirbhís físeáin ar éileamh.

Baineann na Cóid agus Rialacha eile uile le craoltaí raidió agus teilifíse amháin.

Public

# Cad is féidir gearán a dhéanamh ina leith?

## Na cineálacha inneachair



Public

# Nuacht agus Cúrsaí Reatha: Céard í an Difríocht?

Coimisiún na Meán

## Nuacht

- Is féidir clársceidealú nuachta a thuiscint go ginearálta mar thuairisciú bunaithe ar fhíricí maidir le himeachtaí nua ar díol suntais iad.
- Ní mór don nuacht a bheith oibiachtúil agus neamhchlaonta.
- Cuirfear an nuacht i láthair agus cruinneas cuí i gceist, ag féachaint do na himthosca agus na fíricí a rabhthas ar an eolas fúthu tráth an ullmhúcháin agus an chraolacháin nó an tráth a cuireadh an t-inneachar ar fáil.
- Baineann Alt 46L(1)(a) leis an nuacht amháin.

## Cúrsaí Reatha

- Is féidir clársceidealú Cúrsaí Reatha a thuiscint go ginearálta mar phlé, tuairim agus anailís ar shaincheisteanna na díospóireachta nó na conspóide poiblí reatha.
- Ní mór léiriú na gcúrsaí reatha a bheith cothrom, oibiachtúil, neamhchlaonta agus cruinn.
- Ba cheart raon tuairimí a chur san áireamh ann, a d'fhéadfaí a bhaint amach trí dhíospóireacht a éascú agus/nó trí cheistiú agus trí dhúshlán a thabhairt do rannpháirtithe i gcás inarb iomchuí.
- Baineann Alt 46L(1)(b) le chúrsaí reatha amháin.

## Léargas maidir leis an gcaoi a Láimhseáiltear Gearáin

Uaireanta is féidir le cláir a aicmítear mar rud seachas cúrsaí reatha inneachar a chuimsiú a d'fhéadfaí a mheas mar chúrsaí reatha ag brath ar leagan amach agus láimhseáil an ábhair.

Ní mheastar gur nuacht nó cúrsaí reatha gach inneachar fíorasach.

Is minic a líomhnaíonn gearáin go bhfuil easpa cothromaíochta ann. Ní ceanglas ann féin í an chothromaíocht, ach tá oibleagáid ann maidir le cothroime.

Ní mór d'inneachar cúrsaí reatha a bheith 'cothrom do gach leas lena mbaineann.' Ba cheart raon tuairimí ar ábhar a chur ar fáil ach ní gá gach tuairim a chur san áireamh.

Ní gá go gciallódh raon radhairc a chur ar fáil go dtugtar am comhionann ar an aer do gach tuairim.

Is féidir cothroime a bhaint amach thar an gclár ina iomláine, nó thar roinnt clár, ar choinníoll go bhfuil an lucht féachana ar an eolas go bhfuil siad nasctha.

Tá feidhm ag caighdeáin chlársceidealaithe ghinearálta freisin maidir le hinneachar nuachta agus cúrsaí reatha.

Tá feidhm ag caighdeáin nuachta agus cúrsaí reatha maidir le fo-thacar seirbhísí físeáin ar éileamh ar a dtugtar 'seirbhísí meán ábhartha', a chuireann inneachar nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil.



Public

# Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Coimisiún na Meán

## Ábhar imní coitianta a bhíonn i ngearáin:

| | | |
|---|---|---|
| Easpa 'Cothromaíochta' | Claonadh | Raon tuairimí |
| Tuairimí an láithreora nó an chraoltóra féin a bheith á léiriú | Cruinneas | Tuairimí míthreoracha |
| Tuairimí Maslacha | An Chaoi a gCaitear le Rannpháirtithe | Faisnéis mhíthreorach |

## Na Breithnithe Coitianta a bhíonn i nGearáin


- An clár nuachta nó cúrsaí reatha é? Cinntear leis sin cad iad na caighdeáin a bhaineann leis.
- Cén t-ábhar atá sa chlár/mhír agus cén chaoi a bhfuil sé leagtha amach?
- Ar baineadh cothroime amach nuair a dhéantar an clár/an mhír a mheas ina iomláine agus i gcomhthéacs?
- Ar chuir rannpháirtithe agus/nó an láithreoir raon iomchuí tuairimí ar fáil?
- An bhfuil imní na ngearánach teoranta dá dtuairimí pearsanta nó an léiríonn siad ábhair imní atá ag an bpobal i gcoitinne?



Public

# Nuacht agus Cúrsaí Reatha – Ról an Láithreora

## Ábhar imní coitianta a bhíonn i ngearáin:




## Na Breithnithe Coitianta a bhíonn i nGearáin

- Ar chuir an láithreoir tuairim in iúl maidir leis an ábhar atá á phlé?
- Ar úsáid an láithreoir ceisteanna reitriciúla nó ráitis ghríosaitheacha chun freagraí a fháil ó rannpháirtithe nó chun seasamh claonta ar an ábhar a mholadh?
- Ar éascaigh an láithreoir raon tuairimí a chur in iúl maidir le hábhar díospóireachta nó conspóide reatha?
- Conas a baineadh an méid sin amach? Is féidir le ceistiú díreach, ráitis dhúshlánacha a dhéantar, ceistiú reitriciúil agus feidhmiú mar abhcóide an diabhail cuidiú le raon tuairimí a bhailiú.
- Ar chuir an láithreoir tuairimí na ndaoine nár ghlac páirt (nó nár roghnaigh páirt a ghlacadh) in iúl go cothrom?
- An raibh agóid láidir an láithreora éagothrom nó oiriúnach chun freagraí a fháil ó rannpháirtithe?




Public

# Nuacht agus Cúrsaí Reatha – Cruinneas agus Faisnéis Mhíthreorach

Coimisiún na Meán

## Ábhar imní coitianta a bhíonn i ngearáin:




## Na Breithnithe Coitianta a bhíonn i nGearáin

- Ní mór nuacht agus cúrsaí reatha a léiriú le cruinneas cuí a chuireann san áireamh na cúinsí agus na fíricí atá ar eolas ag an am sin.
- Ar tháinig forbairt ar an inneachar/scéal agus ar léiríodh é sin sa tuairisciú?
- Cad iad na foinsí a raibh an craoltóir ag brath orthu? Tá freagracht shuntasach ar chraoltóirí/sholáthraithe físeáin ar éileamh ábhartha as a chinntiú go bhfuil foinsí nó faisnéis bailí. Ar an gcúis sin, is minic gurb iad craoltóirí/soláthraithe físeáin ar éileamh ábhartha is fearr atá in ann freagairt do líomhaintí míchruinnis.
- An raibh tuin agus/nó teanga an láithreora ina cúis le míléiriú ar thuairimí nó ar fhíricí nó ar chuir siad leis?
- Ar chuir an míchruinneas an lucht féachana/éisteachta ar míthreoir go suntasach faoi fhíricí an ábhair atá idir lámha?



Public

# Caighdeáin Ghinearálta um Chlársceidealú

Coimisiún na Meán

## Masla Míchuí

- Athraíonn ábhair atá ina gcúis le masla ó dhuine go duine agus tá siad suibiachtúil den chuid is mó.
- Cruthaíonn craoltóirí/soláthraithe físeáin ar éileamh clársceidealú a léiríonn dúil agus spéiseanna éagsúla a d'fhéadfadh olc a chur ar roinnt breathnóirí.
- Ní féidir a dhearbhú go mbeidh bunábhar clár saor ó mhasla.
- Níl aon cheart ann gan a bheith maslaithe.
- Is éard is masla míchuí ann ná masla atá forleathan, nó atá gan údar.

## Díobháil

- Níl díobháil chomh suibiachtúil is atá masla míchuí.
- Is éard is inneachar díobhálach ann ná inneachar a léirmhínítear chun díobháil fhisiciúil, shíceolaíoch nó mhothúchánach a dhéanamh do dhuine.
- Is é is aidhm do na caighdeáin a áirithiú nach ndéanfar díobháil do bhreathnóirí agus éisteoirí, go háirithe leanaí.

## Gríosú chun Fuatha nó Foréigin

- Níor cheart go dtacódh bunábhar clár le hidirdhealú nó go gceadódh sé a leithéid, mar a shainmhínítear faoin Acht um Stádas Comhionann 2000 agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- Níor cheart do bhunábhar clár foréigean a spreagadh ná fuath a chothú i leith aon ghrúpa nó aon duine aonair. Is cion coiriúil é seo.

## Gríosú chun Coireacht a Dhéanamh nó Coireacht a Chur Chun Cinn

- Níor cheart do bhunábhar clár tacú leis an gcoireacht nó í a spreagadh, lena n-áirítear iompraíocht fhoréigneach, chontúirteach nó fhrithshóisialta.

Oibleagáidí agus Treoir ó Chód um Chaighdeáin Chlár 2024.



Public

# Caighdeáin Ghinearálta um Chlársceidealú

Coimisiún na Meán

## Príobháideachas

- Níl údar le haon sárú ar phríobháideachas duine aonair i gclár nó leis an modh a úsáidtear chun clár a dhéanamh.
- Ní mór aon sárú ar phríobháideachas duine a bheith réasúnta, comhréireach, agus teoranta don mhéid is gá chun an lucht féachana nó éisteachta a chur ar an eolas ar mhaithe le leas an phobail.
- Toiliú feasach - ba chóir go mbeadh rannpháirtithe i mbunábhar clár ar an eolas, go ginearálta, faoi ábhar, comhthéacs, cineál agus formáid a rannpháirtíochta.

## Cosaint Leas an Phobail

- Níor cheart do bhunábhar clár an choireacht a chur chun cinn ná a ghríosú.
- Ní bhainfidh bunábhar clár an bonn d'údarás an Stáit.
- Ní spreagfaidh bunábhar clár an pobal chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh.
- Ní spreagfaidh bunábhar clár iompraíocht nó tuairimí atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil.

## Léargas maidir leis an gcaoi a Láimhseáiltear Gearáin

Déanann duine gearán faoi phríobháideachas nuair a bhféadfadh go ndearnadh sárú míréasúnta air, de ghnáth

Tuigtear go ginearálta go gciallaíonn an bonn a bhaint d'údarás an Stáit ábhar treascrach nó ceannairceach atá beartaithe chun dlisteanacht Stát na hÉireann agus/nó a chuid institiúidí a dhíchobhsú nó an bonn a bhaint díobh.

Níl sé i gceist leis an bhforáil seo cosc a chur le hanailís chriticiúil nó grinnscrúdú criticiúil ar ábhair a bhaineann le stát na hÉireann agus a stair, nó leis an Rialtas.

# Clársceidealú ginearálta –
# Ábhar Imní Coitianta a bhíonn i nGearáin

Coimisiún na Meán

### Masla

- Greann
- Teanga
- Tuairimí polaitiúla
- Creidimh Reiligiúnacha

### Díobháil

- Díobháil do Leanaí
- Stiogma

### Gríosú

- Gríosú chun fuatha
- Gríosú chun coireachta

### Inneachar

- Teanga láidir
- Inneachar gnéasach

### Na Breithnithe Coitianta a bhíonn i nGearáin

- Cén t-am den lá atá an t-inneachar sceidealaithe?
- An bhfuil údar eagarthóireachta leis an inneachar a chur isteach?
- Cad é an dóchúlacht go mbeidh leanaí neamhchosanta ar an inneachar agus go mbeidh tionchar ag an inneachar orthu?
- Cad lena bhfuil an lucht féachana nó éisteachta ag súil ón gclár?
- An bhfuil rabhaidh ann don lucht féachana roimh an inneachar nó línte cabhrach ina dhiaidh?
- An cosúil go raibh go leor daoine maslaithe?
- An ndearna an t-inneachar díobháil do bhreathnóir(í) go mothúchánach, go síceolaíoch nó go fisiciúil?
- An ndearnadh aon bheart chun an masla a mhaolú?

### Léargas maidir leis an gcaoi a Láimhseáiltear Gearáin

Is minic a dhéanann daoine gearán go ndearnadh masla ar dhuine eile nó ar ghrúpa daoine ach ní gá gur ar an ngearánaí a rinneadh é.

Is minic a líomhnaíonn gearánaigh go bhfuil tuairimí áirithe díobhálach ach uaireanta eascraíonn na líomhaintí sin as tuairimí an ghearánaigh a bheith éagsúil ón dearcadh a cuireadh i láthair.

Ní gá gurb ionann plé, léirithe nó tagairtí don choireacht agus gríosú chun coir a dhéanamh nó glao soiléir chun coir a dhéanamh.

Is beag gearán a fhaighimid maidir le hinneachar foréigneach. Tagann sé sin salach ar ár dtaighde a léiríonn go bhfuil imní ar 87% de dhaoine faoi inneachar foréigneach

Oibleagáidí agus Treoir ó Chód um Chaighdeáin Chlár 2024.



Public

# Taighde ar Dhíobháil agus Masla

Coimisiún na Meán

I mí Dheireadh Fómhair 2025, rinne an Coimisiún taighde ar dhearcthaí an phobail maidir le hinneachar díobhálach agus maslach in inneachar craolta, físeáin ar éileamh agus pictiúrlainne i gcomhar le hOifig Aicmithe Scannán na hÉireann agus Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Is iad seo a leanas na príomhthorthaí:

**Níl imní ar 2/3ú de na daoine a thug freagra faoi inneachar díobhálach ná maslach**

Dar le tuismitheoirí gurb iad féin atá freagrach as an méid a fheiceann a gcuid leanaí óga

Bítear níos imníche faoi iompar díobhálach nó faoi fhoréigean ná faoi dhroch-chaint nó inneachar gnéasach

Is é an comhthéacs is tábhachtaí – Is é an comhthéacs is tábhachtaí – bíonn tionchar ag seánra, fad agus ag an gcuspóir ar an méid díobhála nó masla a d'fhéadfadh duine a fhulaingt

Cinneann ionchas an lucht féachana/éisteachta an tionchar a bheidh i gceist

Meastar go bhfuil an tionchar a bhíonn ag inneachar díobhálach nó maslach níos measa i gcláir réaltachta

Nasc chuig Taighde: Peirspictíochtaí an Lucht Féachana agus Éisteachta i leith Ábhar Meán Díobhálach agus Colúil - Coimisiún na Meán, Deireadh Fómhair 2025



Public

# Meas a Léiriú ar Dhaoine agus ar Ghrúpaí sa tSochaí

Coimisiún na Meán

Déantar foráil sna caighdeáin reachtúla agus rialála maidir le cosaint do, agus meas ar dhaoine agus ar ghrúpaí sa tsochaí, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Áirítear leis na forais sin: gnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéis.

Tá foráil i gCód an BAI um Chaighdeáin Chlár nár cheart béim a chur ar na saintréithe cosanta mura bhfuil bunús ceart leis.

Baineann gríosú le daoine eile a spreagadh, a chur chun cinn, nó a spreagadh chun gníomhartha foréigin nó fuatha a dhéanamh. Déantar é sin trí ghlaonna díreacha ar fhoréigean, inneachar lena ndéantar dídhaonnú nó caitheamh anuas ar ghrúpa a d'fhéadfadh naimhdeas a tharraingt nó idirdhealú bunaithe ar fhéiniúlacht a spreagadh.

## Léargas maidir leis an gcaoi a Láimhseáiltear Gearáin

Is tosca iad an cineál cláir agus leagan amach an inneachair nuair a bhítear ag breithniú cibé an bhfuil nó nach bhfuil inneachar dímheasúil.

Níl an fhoráil seo beartaithe chun cosc a chur ar anailís chriticiúil nó chun grinnscrúdú a dhéanamh ar ábhair cosúil le reiligiún nó inimirce.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh an bhéim ar shaintréithe cosanta beartaithe chun idirdhealú a dhéanamh ach ag an am céanna d'fhéadfadh idirdhealú tarlú i gcás ina ndéantar saintréithe duine a phiocadh amach ó dhaoine eile.

Ní mheastar go ginearálta go bhfuil nathanna cainte a úsáidtear go minic sa chaint, cosúil le 'Ó Íosa', 'Ó Chríost', 'Ó Mhuire', diamhaslach nó maslach don chreideamh Críostaí.



Public

# Meas a Léiriú ar Dhaoine agus ar Ghrúpaí sa tSochaí

Coimisiún na Meán

## Ábhar imní coitianta a bhíonn i ngearáin:

| | | |
|---|---|---|
| Seineafóibe | Idirdhealú | Gríosú chun fuatha/foréigin |
| Fuath ban | Dímheas ar reiligiún | Éadulaingt pholaitiúil |
| Gnéasachas | Stiogma maidir le meabhairghalar | Béim gan údar ar shaintréithe cosanta |

## Na Breithnithe Coitianta a bhíonn i nGearáin:

- An bhfuil seasamh cosanta ag an ngrúpa a líomhnaítear dímheas a bheith á léiriú dóibh?
- An raibh údar eagarthóireachta leis an inneachar a ndearnadh gearán faoi a chur isteach?
- Cén comhthéacs inar taispeánadh an t-inneachar?
- An ndearnadh aon bhearta chun an masla agus/nó díobháil a d'fhéadfaí a chruthú a íoslaghdú?
- Céard iad na tosca cultúrtha ábhartha is ceart a chur san áireamh?
- An raibh stiogma ag baint leis an teanga a bhí in úsáid?
- An raibh éileamh follasach chun fuatha nó foréigin i dtreo grúpa cosanta daoine?
- An raibh aon téarmaí, tagairtí nó íomhánna san áireamh a bhféadfaí iad a bhreithniú mar chinn a bhí maslach go míchuí d'aon duine nó aon ghrúpaí?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar lucht féachana agus éisteachta?



Public

# Cumarsáid Tráchtála

Coimisiún na Meán

## Teorainneacha Ama Fógraíochta

- Leagtar amach na teorainneacha ama le haghaidh fógraí craolacháin laistigh d'achair ama laethúla agus in aghaidh na huaire i gcaighdeáin reachtúla agus rialála.
- Níl feidhm ag na teorainneacha sin maidir leis an bpoiblíocht a dhéanann craoltóirí ar a gcuid clár féin.

## Caighdeáin Cumarsáide Tráchtála

- Ní cheadaítear fógraíocht pholaitiúil agus chreidimh ar sheirbhísí craoltóireachta agus físeáin ar éileamh faoi alt 46 M(2).
- Tá feidhm leis na Cóid maidir le Cumarsáid Tráchtála i dtaca le fógraí, urraíocht agus suíomh táirgí.
- Ceanglaítear leis na Cóid go mbeifear in ann cumarsáid tráchtála a aithint mar sin agus nach mbeidh sí díobhálach don phobal.
- Déantar foráil sna Cóid le haghaidh cosaintí breise do leanaí.
- Tá rialacha sonracha ann maidir le fógraíocht táirgí cosúil le halcól agus táirgí leighis.

## Léargas maidir leis an gcaoi a Láimhseáiltear Gearáin

- Tá feidhm ag caighdeáin ghinearálta um chlársceidealú freisin i dtaca le cumarsáid tráchtála.
- Ní bhfuaireamar aon ghearán maidir le teorainneacha ama fógraíochta, agus ní bhfuarthas ach sé ghearán maidir le cumarsáid tráchtála
- Níl sé mar aidhm ag an bhrotáil seo anailís chriticiúil nó mionscrúdú ar ábhair a bhaineann le stat na hÉireann, stair na hÉireann, no leis an Rialtas a choisc
- Ní bhfuaireamar aon ghearáin faoi fhógraíocht reiligiúnach nó pholaitiúil.
- Ní bhfuaireamar aon ghearán faoi shuíomh táirgí nó urraíocht.
- Is ó chuideachtaí iomaíochta nó ó ghrúpaí abhcóideachta is mó a tháinig na gearáin faoi fhógraíocht.
- Is féidir gearáin faoi fhógraíocht a dhéanamh freisin leis an gcomhlacht féin-rialála, Údarás na gCaighdeán Fógraíochta (ASA).
- D'fhéadfaimis níos lú gearán a fháil faoi chumarsáid tráchtála i ngeall ar ról comhrialála ASA.

Oibleagáidí agus Treoir ó na Cóid maidir le Cumarsáid Tráchtála.



Public

# Cumarsáid Tráchtála

Coimisiún na Meán

Ábhar imní coitianta a bhíonn i ngearáin:

| | |
|---|---|
| Míthreorú | Maíomh Comparáide |
| Folaitheach | Fo-thairseachúil |

## Na Breithnithe Coitianta a bhíonn i nGearáin:

- An léir don lucht féachana nó éisteachta go bhfuiltear ag díriú fógraíochta orthu?
- An ndearadh comparáidí soiléire/intuigthe idir táirgí/seirbhísí?
- An féidir bunús a thabhairt leis an méid a maíodh san fhógra?
- Cén bhrí a d'fhéadfadh an lucht féachana/éisteachta a bhaint go réasúnach as an méid a maíodh san fhógra?



Public

# Cén t-ábhar gearáin a bhí ag an bpobal ó Mhárta 2023 - Nollaig 2025

## Téamaí, tosca agus léargas



Public

# Raon Feidhme agus Modheolaíocht

Coimisiún na Meán

- Déantar athbhreithniú agus iniúchadh sa rannán seo ar ghearáin ar ghlac an Coimisiún Cinnteoireachta leo agus ar ghlac siad cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025.
- Chuir an fhoireann gearán na gearáin i gcatagóirí de réir na lipéad sonraí seo a leanas:
    - Ainm na seirbhíse
    - An cineál seirbhíse
    - Ainm an Chraoltóra
    - An cineál inneachair
    - Ábhar an inneachair
    - Na sáruithe a líomhnaítear ar na caighdeáin
    - Na cúiseanna atá leis na gearáin
    - Na cinntí a rinne an Coimisiún Cinnteoireachta
- Rinneadh anailís ar shonraí gearáin trí chrostagairt a dhéanamh don líon gearán agus lipéid na gcatagóirí.




Public

# Raon Feidhme agus Modheolaíocht

Coimisiún na Meán

- Dírítear sa tuarascáil seo ar na catagóirí gearán ina raibh an líon is mó gearán.
- Ba iad Cúrsaí Domhanda agus Polaitíocht agus Rialtas na hÉireann na catagóirí ba mhó a ndearnadh gearán fúthu.
    - Bhain 25.81% de na gearáin le cúrsaí domhanda, agus bhain an méadú tobann a tháinig ar ghearáin leis an gcumhdach a rinneadh ar Gaza.
    - Bhain 17.74% de na gearáin ar glacadh leo le polaitíocht agus rialtas na hÉireann.
- Léiríonn an chairt a ghabhann leis seo an líon gearán a fuarthas faoi gach ábhar agus na hábhair thuas fágtha ar lár, chun léargas breise a fháil ar chatagóirí eile a bhí suntasach ó thaobh staitistice de. Chuireamar na catagóirí nach raibh suntasach ó thaobh staitistice de i ngrúpaí mar ‘eile’ níos faide ar aghaidh sa tuarascáil.





Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Gearáin de réir Seirbhíse




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Na Cláir is mó a nDearnadh Gearán Fúthu

Coimisiún na Meán

## Cláir Raidió

- Liveline – RTÉ Radio 1 – 19 complaints
- Morning Ireland – RTÉ Radio 1 – 10 complaints
- The Michael Reade Show – LMFM – 8 complaints
- Today with Claire Byrne – RTÉ Radio 1 – 7 complaints
- The Hard Shoulder – Newstalk – 5 complaints
- Drivetime – RTÉ Radio 1 – 5 complaints

## Cláir Theilifíse

- RTÉ News: Nine O'Clock and Weather – RTÉ One – 11 Complaints
- RTÉ News: Six One and Weather – RTÉ One – 10 complaints
- RTÉ Investigates: Ireland's Abortion Services – RTÉ One – 9 complaints
- Prime Time – RTÉ One – 8 complaints
- The Sunday Game – RTÉ2 – 5 complaints

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# 26. Léargas ón Lucht Féachana/Éisteachta

Coimisiún na Meán

**Léirítear sna sonraí gurb é RTÉ an soláthraí seirbhíse is mó a ndéantar gearáin faoi.**

- B'fhéidir go léiríonn sé sin an tábhacht mhór a bhaineann le craoltóireacht seirbhíse poiblí do lucht féachana agus éisteachta agus go mbítear ag súil le caighdeán ard uathu thar gach cineál inneachair ach go háirithe maidir le clársceidealú nuachta agus cúrsaí reatha.
- Tacaítear leis an léargas sin sna torthaí ón Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach in Éirinn 2025: ina maítear go bhfuil an mhuinín atá as tionscal nuachta na hÉireann fós láidir, go háirithe i gcomparáid le margaí eile agus go bhfuil foilsitheoirí leagáide, as líne, fós i réim. Is iad an Nuacht Béarla ar Theilifís RTÉ (44%) agus an Nuacht Béarla ar Raidió RTÉ (29%) na brandaí is inrochtana fós ag tomhaltóirí'. [lch12 & lch13]
- Bhain na gearáin a rinneadh faoi RTÉ Lyric FM faoi na craoltaí nuachta ar an stáisiún agus ní leis an gceol a seinneadh.

**Tar éis RTÉ, is iad Newstalk, LMFM agus Virgin Media Television na seirbhísí is mó a ndearnadh gearáin fúthu.**

- Is seirbhísí náisiúnta iad Newstalk agus VMTV, d'fhéadfadh an lucht féachana/éisteachta níos mó atá ar fáil dóibh a bheith ina shiocair leis an líon níos mó gearán a rinneadh faoi na craoltóirí sin i gcomparáid le craoltóirí áitiúla nó réigiúnacha.
- Rinneadh an líon gearán faoi LMFM i ngeall ar scéal nuachta ar leith a bhí acu faoi rud éigin a rinne an Chomhairle Contae áitiúil agus a cumhdaíodh ar an The Michael Reade Show, áit a ndearna gearánach amháin 6 ghearán as na 8 ngearán ar glacadh leo. Rinneadh an dá ghearán eile faoi inneachar eile ar leithligh.

**Léirítear sna sonraí go ndearnadh líon sách beag gearán faoi stáisiúin raidió áitiúla i gcomparáid le craoltóirí náisiúnta.**

- Taispeánann na torthaí ón Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach in Éirinn 2025 agus ó Thuarascáil JNLR IPSOS R3 2025 go bhfuil muinín ard go fóill as an nuacht áitiúil agus go bhfuil líon ard fós ag éisteacht leis na stáisiúin raidió áitiúla.
- Tugann an líon níos ísle gearán in aghaidh craoltóirí áitiúla nó réigiúnacha i gcomparáid le craoltóirí náisiúnta, agus go háirithe RTÉ mar chraoltóir seirbhíse poiblí, le fios go bhfuil lucht féachana/éisteachta ag súil le caighdeán níos airde ó na craoltóirí móra.
- Is rud é an dearcadh sin a fheicimid go minic i ngearáin i gcás ina dtugann daoine cuntas sonrach go bhfuil siad ag súil go gcloífeadh an craoltóir seirbhíse poiblí níos fearr le caighdeáin chraolacháin.

**Sruthú Físeán ar Éileamh**

- Níl staitisticí ó bhliain go bliain maidir leis an líon sruthanna ar fáil faoi láthair do sholáthraithe na seirbhísí físeáin ar éileamh a rialaíonn an Coimisiún.
- Bhain na gearáin ar fad ar glacadh leo maidir le físeáin ar éileamh le hinneachar a craoladh roimhe sin, ach a cuireadh ar fáil níos déanaí ar sheirbhís físeáin ar éileamh an chraoltóra.





Public

# Cúrsaí Domhanda

Coimisiún na Meán

Bhain 25.81% de na gearáin uile ar glacadh leo le cláir faoi chúrsaí domhanda. Bhain thart ar leath de na gearáin leis an nuacht, agus bhain an chuid eile le cúrsaí reatha.




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# Cúrsaí Domhanda

Coimisiún na Meán

- Bhain 72.9% de na gearáin le hinneachar a bhain leis an gcoimhlint in Gaza. Léiríonn sé sin gur fadhb í an tsaincheist dhomhanda seo a bhfuil imní mhór ar phobal na hÉireann fúithi.
  - Treocht choitianta sna gearáin is ea go gcreideann na gearánaigh go ndearnadh díobháil nó masla míchuí nuair a cuireadh tuairimí áirithe in iúl.
- Tugann na gearáin le fios go mbaineann an-tábhacht le cruinneas nuair a bhíonn cúrsaí domhanda á bplé agus nuair a bhítear ag tuairisciú orthu, agus go mbítear imníoch go príomha go bhféadfadh faisnéis mhíchruinn lucht éisteachta nó féachana a chur ar míthreoir.
- Líomhnaítear i roinnt gearán a bhain le ról an láithreora nár cheistigh an láithreoir a dhóthain an rannpháirtí agus líomhnaítear i gcinn eile gur cheistigh an láithreoir na rannpháirtithe go míchothrom.
  - Is cosúil go bhfuil nasc soiléir ag na líomhaintí sin le tuairim an ghearánaigh agus léiríonn siad na dearcthaí deighilte atá i measc phobal na hÉireann maidir le saincheisteanna domhanda.

Cinntí ón gCoimisiún Cinnteoireachta:




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Spotsolas ar Ghearáin - Gaza

Coimisiún na Meán

- Bhain 88.57% de na gearáin faoin tuairisciú ar Gaza le seirbhísí RTÉ.
- Ba chláir raidió 60% díobh agus ba chláir theilifíse 28.57% díobh.
- Ba chláir chúrsaí reatha 61.29% díobh sin agus ba chláir nuachta 38.71% díobh.
- Tugtar le fios i gcás roinnt mhaith de na gearáin sin gur cheart do RTÉ seasamh polaitiúil áirithe a ghlacadh ina chumhdach ar an gcoimhlint agus nuair nach ndéanann sé amhlaidh, go léiríonn sé claonadh sna cláir agus i measc an chraoltóra, agus easpa cothroime agus easpa 'cothromaíochta'.
- Líomhnaítear i roinnt gearán go bhféadfaí frith-Sheimíteachas a léiriú leis an gcaoi a gcuirtear fíricí nó an díospóireacht maidir leis an gcoimhlint i láthair
- Rinneadh 6 ghearán faoin eagrán céanna de Liveline, tráth ar labhair bean as an bPalaistín faoin taithí a bhí aici féin ar an gcoimhlint, rud a thug le fios go rabhthas báúil do dhearcthaí na Palaistíne:
  - Líomhnaítear sna gearáin go raibh ceist áirithe a chuir an láithreoir ar an mbean míchuí, díobhálach agus maslach.
  - Tá ceangal aige sin leis an léargas i gcoitinne faoi ról an láithreora agus gearánaigh ag déanamh líomhaintí go minic nach gcaitear go cothrom le rannpháirtithe, go háirithe iad siúd a labhraíonn faoina dtaithí féin ar rud nó ar eachtra.
  - Le linn don Choimisiún Cinnteoireachta cinneadh a dhéanamh faoi na gearáin seo, thug sé ar aird gur bhain siad an chiall mhícheart as an gceist a chuir an láithreoir. Ar an mbonn seo, chinn an Coimisiún Cinnteoireachta nárbh fhéidir seasamh leis na líomhaintí sa ghearán agus diúltaíodh do na gearáin uile.
  - Uaireanta léiríonn na gearáin an plé i gcoitinne a bhíonn ar siúl faoin gcoimhlint, cuir i gcás, seasamh polaitiúil bannaí ceoil mar Kneecap agus Bob Dylan, a ndearnadh cumhdach orthu ar fud na meán agus go deimhin a tharraing conspóid freisin.
- Ní bhfuaireamar an oiread gearán faoi Gaza ar sheirbhísí eile lena n-áirítear iRadio, East Coast FM, Virgin Media Television agus Life FM.
- Lean na líomhaintí sna gearáin sin na treochtaí céanna leis na gearáin thuas, lena n-áirítear líomhaintí faoi bheith ag caitheamh go cothrom le rannpháirtithe, masla, an raon tuairimí, chomh maith le hoibiachtúlacht agus neamhchlaontacht.

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

## Gearán

Bhain an gearán le comhdhéanamh agus le hiompar díospóireachta painéil a mheas an gearánach a bheith claonta nó leataobhach agus nár cuireadh rannpháirtithe a raibh tuairimí malartacha acu san áireamh ann in aon chor. Díríodh sa ghearán freisin ar ról an agallóra, agus líomhnaíodh nár cheistigh sé na rannpháirtithe nó gur sheas sé siar nuair a rinneadh ráitis le linn an phlé. Bhí tuilleadh imní ar an ngearánach gur cuireadh figiúirí i láthair gan iad a fhíorú agus gur caitheadh leo mar fhíricí."

## Cinneadh

Bhí an painéal comhdhéanta d'ionadaithe ó pháirtí Rialtais, páirtí Freasúra, iriseoir agus ionadaí as Eagraíocht Neamhrialtasach, agus thuig siad uile an t-ábhar, tugadh am dóibh smaoineamh ar na ceisteanna a cuireadh orthu agus iad a fhreagairt ... agus tugadh raon tuairimí dóibh maidir leis an ábhar ... Nuair a thógtar le chéile iad, áiríodh leis an gcraolachán díospóireacht le hionadaithe poiblí ó shaol na polaitíochta trí chéile agus iad sin a bhfuil cur amach ar leith acu ar an ábhar. (Diúltaíodh don ghearán)

## Gearán

Bhain an gearán le clár cúrsaí reatha a bhíonn ar siúl go laethúil gach tráthnóna, agus dar leis an ngearánach go bhfuil an clár claonta nó leataobhach an t-am ar fad. Is é a d'áitigh an gearánach gur chuir an craoltóir tuairimí amach a bhain leis an aon dearcadh amháin arís agus arís eile agus, dá thoradh sin, gur theip air a chuid dualgas leantach dlíthiúil maidir le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht ó thaobh na nuachta agus cúrsaí reatha de a chomhlíonadh

## Cinneadh

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara nár chuimsigh an craoladh réimse tuairimí, ná dearcadh neamhspleách, ar na hábhair a bhí faoi chaibidil ...agus i gcás aon chomhphlé ... a chuimseofaí i sceideal craolta do lucht éisteachta Éireannach, go mbíonn oibleagáidí rialála áirithe maidir le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i gceist. Mheas an Coimisiún Cinnteoireachta nár cuireadh ar fáil sa chraoladh réimse de dhearcthaí i dtaobh an ábhair lena léireofaí barúlacha polaitiúla, coitianta nó neamhspleácha ar na hábhair a bhí faoi chaibidil a bheadh oiriúnach do lucht éisteachta Éireannach. (Atreoraíodh an gearán)

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

## Gearán

Bhain an gearán leis an téarma "i bhfad amach ar an eite dheis" a bheith in úsáid ag an gcraoltóir le linn craoladh nuachta. D'áitigh an gearánach nár cheart an téarma a úsáid ach amháin i dtaca leis an bhfaisisteachas nó leis an Naitsíochas agus luaigh sé gur lipéad trombhríoch é. Dúirt an gearánach go mbíonn an cineál teanga a úsáidtear tábhachtach agus cháin sé an craoltóir as an téarma seo a úsáid i gcás daoine a dhiúltaíonn do dhearcthaí, dar leo, ar dearcthaí a bhrúnn an stát nó ar dearcthaí coiteanna iad.

## Cinneadh

Measann an Coimisiún Cinnteoireachta nach cruinn a mhaíomh go n-úsáidtear an téarma go heisiach nuair a bhítear ag tagairt don Fhaisisteachas nó don Naitsíochas. Mheas an Coimisiún Cinnteoireachta gur thit úsáid an téarma "i bhfad amach ar an eite dheas" sa chraoladh seo ... laistigh de réimse úsáidí an téarma agus nár bhain cás substainteach leis an ngearán chun easpa oibiachtúlachta nó neamhchlaontachta a léiriú ó thaobh an chraoltóra de." (Diúltaíodh don ghearán)

## Gearán

Bhain an gearán seo le craoladh nuachta a chuir síos ar dhílseacht pholaitiúil ceannaire. Bhraith an gearánach go raibh an craoltóir claonta agus nár léirigh sé go leor neamhchlaontachta ina chuid tuairiscithe. Bhraith an gearánach gur cheart go gcuimseofaí teanga cháilitheach sa tuairisc, amhail tuairimí a chur i leith daoine faoi leith nó a chur in iúl go raibh na tuairimí sin "ag roinnt daoine". Is é a dúradh sa ghearán gur imríodh tionchar ar chur i láthair an scéil cionn is nár úsáideadh a leithéid seo de theanga cháilitheach

## Cinneadh

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara go bhfuil na tuairimí polaitiúla [seo] ar an taifead poiblí, go dtuairiscítear orthu go forleathan ... agus gurbh ionann an cur síos ar an dílseacht pholaitiúil ... agus tuairisciú cruinn. Maíodh sa ghearán go mbeadh sé níos inghlactha [a rá] 'gur cuireadh síos dó' ach fágann an méid ama teoranta a bhaineann le tuairisc ghearr nuachta nach mbíonn sé i gcónaí praiticiúil míniú sínte a thabhairt ar an téarmaíocht a úsáidtear. Ar an mbonn sin, shocraigh an Coimisiún Cinnteoireachta nach raibh bunús maith leis an ngearán. (Diúltaíodh don ghearán)


Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.




Public

# Polaitíocht agus Rialtas na hÉireann

Bhain 17.74% de na gearáin ar glacadh leo le cláir a bhain le Polaitíocht agus Rialtas na hÉireann.
Bhain 70% de na gearáin le cúrsaí reatha, agus bhain 30% leis an nuacht.




*Níl aon sainchúraimí rialála ar an gCoimisiún i dtaca leis an gclúmhilleadh

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# Polaitíocht agus Rialtas na hÉireann

Coimisiún na Meán

- Tugann na gearáin le tuiscint go mothaíonn an pobal go láidir faoi shaincheisteanna áitiúla in Éirinn.
- Léiríonn na gearáin an tábhacht a bhaineann le cruinneas agus rochtain ar réimse dearcaí do lucht féachana agus lucht éisteachta nuair a bhíonn an t ábhar dírithe ar shaincheisteanna beartais a mbíonn tionchar acu ar phobal na hÉireann.
- Rinne comhlachtaí poiblí agus ionadaithe poiblí líon mór gearán maidir leis an Rialtas áitiúil. Diúltaíodh do na gearáin sin go ginearálta ar an mbunús gur feidhm thábhachtach de chuid na meán é iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhartha na gcomhlachtaí poiblí agus na n-ionadaithe poiblí, ar mhaithe le leas an phobail.
- Is minic a chuimsíonn gearáin i dtaobh Pholaitíocht agus Rialtas na hÉireann roinnt saincheisteanna éagsúla san aon am amháin, mar shampla: is minic a chlúdaítear an inimirce, beartas tithíochta agus an leithcheal le chéile.
    - D'fhéadfadh sé gur léiriú é seo ar chastacht na gcúrsaí seo don Rialtas agus don phobal.
    - Léiríonn na sonraí paireacht idir gearáin ar cosúil iad a bheith ag teacht go láidir le tuairimí ar son agus i gcoinne saincheisteanna conspóideacha, rud ar léiriú é ar dheighilt ó thaobh thuairimí an phobail de i dtaobh na saincheisteanna seo.
- Níor ghlac muid ach leis an aon ghearán amháin maidir le clúdach ar reifreann.
    - Líomhnaíodh sa ghearán nach raibh réimse leathan go leor de thuairimí ann, rud a bhain de bhailíocht an reifrinn.
    - Níor aimsigh an Coimisiún Cinnteoireachta aon bhunús réasúnach chun diúltú don ghearán agus shocraigh sé é a atreorú chuig duine údaraithe le go mbreithneofaí ar a iniúchadh. Táthar ag dréim le cinneadh in 2026.




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Spotsolas ar Ghearáin - Toghcháin

Coimisiún na Meán

- Foilsíonn an Coimisiún treoirlínte chun tacú le craoltóirí riachtanais na cothroime, na hoibiachtúlachta agus na neamhchlaontachta a chomhlíonadh agus iad ag clúdach inneachar atá dírithe ar thoghcháin agus ar reifrinn.
- Is iondúil nach bhfaighimid an oiread céanna gearán faoi thoghcháin i gcomparáid le topaicí eile a bhaineann le Polaitíocht agus Rialtas na hÉireann.
- Fuaireamar teachtaireachtaí ó roinnt iarrthóirí a bhí ag seasamh sna Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha in 2024 agus i dToghchán Ginearálta 2024.
    - Ar na gearáin choitianta bhí: nár caitheadh go cothrom leis an iarrthóir i gcomparáid le hiarrthóirí eile, agus go minic bhain sé sin le gearán nár thug an craoltóir deis dóibh a bheith rannpháirteach i gcraoladh beo nó gan ach deis a thabhairt dóibh mír réamhthaifeadta a dhéanamh in áit a bheith rannpháirteach i gclár beo.
        - Níor chomhlíon na teagmhálacha seo na critéir le go nglacfaí leo mar ghearáin nó ní féidir gearáin a dhéanamh ach amháin i dtaobh ábhair a bhí mar chuid den chlár agus ní bhaineann an Coimisiún de shaoirse eagarthóireachta craoltóirí ó thaobh dhéanamh na gclár de.
        - Fuaireamar gearáin freisin ó iarrthóirí inar líomhnaíodh nach bhfuair siad an oiread céanna am craolta is a fuair iarrthóirí eile.
    - Ní riachtanas rialála é cionroinnt chothrom an ama craolta, cé go bhféadfadh sé é a bheith iomchuí i gcásanna áirithe. De gnath, ní mór an chionroinnt a bheith cothrom agus cur chuige comhréireach a ghlacadh.
- I gcás roinnt gearán a atreoraíodh chuig an gCoimisiún, tháinig siad ó bhaill den phobal a bhí ag tacú le hiarrthóirí i dToghchán Uachtaránachta 2025.
- Bhí na líomhaintí a rinneadh maidir le cláir a chlúdaigh nó a dhírigh ar thopaic na dtoghchán a bheag nó a mhór mar an gcéanna leo sin is coitianta a ndearnadh gearán ina leith sna cláir nuachta agus cúrsaí reatha, mar atá:
    - Caitheamh go cothrom leis na rannpháirtithe
    - Ról an láithreora
    - Raon tuairimí

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Bhain an gearán le mír inar phléigh tuairisceoir óráid a rinne TD sa Dáil. D'áitigh an gearánach gur léirigh an tuairisceoir a chuid tuairimí pearsanta féin maidir lenar cheart nó nár cheart do TD a dhéanamh, lena n-áirítear go ndúirt sé gur cheart don TD moladh sonrach nithiúil a dhéanamh. Is é a dúradh sa ghearán, cé go bhfuil cosc ar thuairisceoirí, faoin reachtaíocht, a gcuid tuairimí pearsanta a chur in iúl, gur léiríodh sa chlár go ndearna an tuairisceoir seo amhlaidh sa chás seo.

**Cinneadh**

Thug ... an tuairisceoir cuntas fíriciúil ar ráiteas [an] Teachta ar an tsaincheist ... ní dhearna sé moladh nithiúil, nach raibh aon reachtaíocht á moladh aige i leith na saincheiste agus nach dtacaíonn sé leis an reachtaíocht maidir leis an bhfuathchaint.
(Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Bhain an gearán le plé ar an aer faoi reifreann a bhí ag teacht aníos. D'áitigh an gearánach nach raibh aon chothromaíocht sa chomhrá agus go raibh sé iontach leataobhach. Dúradh sa ghearán nach raibh an plé ag teacht leis na rialacháin lena rialaítear clúdach na meán ar an vótáil agus ar reifrinn.

**Cinneadh**

I dtaca le craoltaí a bhaineann le reifrinn ... bíonn sé tábhachtach go gclúdódh an craoltóir an dá thaobh. Sa chraoladh seo, shocraigh an Coimisiún Cinnteoireachta go raibh fiúntas ag baint leis an ngearán gur léirigh an láithreoir tuairim ar na leasuithe bunreachta a bhí beartaithe agus gur éascaigh siad plé a dhearbhaigh an tuairim sin gan dúshlán a thabhairt do dhearcthaí tacaíochta lucht an phainéil ná iad a cheistiú, a oiread sin go raibh seasamh claonta á ghlacadh.
(Atreoraíodh an gearán chuig duine údaraithe)

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Chreid an gearánach gur thug láithreoir nuachta le tuiscint go raibh iarrthóir polaitíochta ag iarraidh an tír a thabhairt ar ais go dtí na 1930idí, agus d'áitigh gur cuireadh an léiriú sin in iúl mar a bheadh ráiteas fíriciúil ann seachas ceist a mbeadh soiléireacht á lorg ina leith. Dúradh sa ghearán gurbh ionann é seo agus cur chuige claonta nach raibh ar aon dul le hiriseoireacht oibiachtúil neamhchlaonta. Ar a bharr seo, d'áitigh an gearánach nár cheart iarrthóirí a fhágáil i gcás ina mbeadh orthu iad féin a chosaint ar leagan amach ar cosúil é a bheith ag léiriú dearcadh eagarthóireachta craoltóra seachas tuairisciú neodrach ar thuairimí an iarrthóra.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara gur cuireadh an cheist a ndearnadh an gearán ina leith mar fhreagairt ar ráitis [an iarrthóra] maidir le filleadh ar luachanna sóisialta coimeádacha… Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara nár chuir an cheist isteach nó amach ar [an iarrthóir] agus gur tugadh go leor ama dóibh chun an gceist a fhreagairt, go raibh tuin an agallaimh cairdiúil agus measúil ó thús deireadh agus gur cosúil an gearán a bheith bunaithe ar léamh pearsanta an ghearánaigh. (Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Bhain an gearán le plé ar an teailí i dtoghlimistéar áitiúil inar úsáid cainteoir fireann dath craicinn nó inscne amháin, seachas ainm nó páirtí polaitíochta, chun tagairt a dhéanamh d'iarrthóir cé gur thug sé na sonraí aitheantais iomlána i gcás iarrthóirí eile. D'áitigh an gearánach go raibh an cur chuige seo claonta, ciníoch agus gnéasaíoch agus nár caitheadh leis an iarrthóir ar an mbonn cothrom céanna le hiarrthóirí eile. Is é a dúradh sa ghearán gur sháraigh an cur chuige seo caighdeáin maidir le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara gurb amhlaidh, ar feadh an chraolta, nár úsáid aon duine den triúr tuairisceoirí a gcine ná a n-inscne chun tagairt a dhéanamh d'aon iarrthóir eile. Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara, cé go bhféadfadh sé nár úsáid an t-anailíseoir an téarma chun leithcheal a imirt agus go bhféadfadh sé gur measadh gur téarmaí tuairisciúla amháin iad, gurb amhlaidh gur tréithe cosanta iad cine agus inscne. (Atreoraíodh an gearán chuig duine údaraithe)


Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.




Public

# Na hEalaíona agus an Cultúr

Bhain 8.06% de na gearáin ar glacadh leo le cláir a bhí dírithe ar na healaíona agus ar chultúr.




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# Na hEalaíona agus an Cultúr

Coimisiún na Meán

- Líomhnaíodh le roinnt gearán gur eascair díobháil agus maslú as taibhithe ealaíonta a cuimsíodh in inneachar clár. Is iomchuí, áfach, go gcoinneodh craoltóirí neamhspleáchas eagarthóireachta maidir le cinntí i dtaobh saoirse cainte d'ealaíontóirí ina gcuid sceideal.
  - Is iondúil gur dhiúltaigh an Coimisiún Cinnteoireachta do ghearáin a bhain le taibhithe ealaíonta ar an mbonn gur minic freagairtí do thaibhithe ealaíonta a bheith bunaithe ar léirmhíniú pearsanta.
- Bíonn an greann suibiachtúil agus is iondúil gur dhiúltaigh an Coimisiún Cinnteoireachta do ghearáin inar líomhnaíodh masla iomarcach bunaithe ar inneachar ina raibh greann nó aoir ar an mbonn nach raibh masla forleathan nó iomarcach le sonrú.
- I gcás ina gcuimsíonn inneachar drochtheanga, is croí-thosca iad sceidealú an inneachair agus ionchas an lucht féachana/éisteachta nuair a bhítear ag breithniú ar cé acu a d'eascair díobháil nó masla iomarcach as an inneachar nó nár eascair.
  - Chuimsigh gearán amháin i dtaobh léirmheas scannáin drochtheanga agus shocraigh an Coimisiún Cinnteoireachta an gearán a atreorú chuig duine údaraithe de bhun ionchais dhóchúla an lucht féachana.

Cinntí an Choimisiúin Cinnteoireachta




- Mar aon le soláthraithe seirbhíse, bíonn freagracht ar thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir leis an méid a mbíonn a gcuid leanaí ag breathnú air nó ag éisteacht leis, roimh agus tar éis thairseach a naoi a chlog. Féadann soláthraithe seirbhíse tacú leis na cinntí seo trí réamhfhógraí a thabhairt agus trína fhógairt cé na haoisghrúpaí a mbeadh na cláir oiriúnach dóibh.
- Chuimsigh 47% de na gearáin seo líomhaintí gur sáraíodh caighdeáin cúrsaí reatha.
  - I roinnt cásanna, cé go raibh na cláir dírithe ar ealaín agus cultúr, luadh ceisteanna a raibh díospóireacht nó conspóid phoiblí ag baint leo.
  - I gcásanna eile, b'amhlaidh a mhalairt agus ní raibh aon bhaint ag na caighdeáin a bhaineann le cúrsaí reatha leis an inneachar.
  - Leagann sé seo béim ar thábhacht an chomhthéacs agus an leagan amach maidir leis na caighdeáin ar gá inneachar a bheith ag teacht leo a dhéanamh amach.
  - Measadh gur inneachar cúrsaí reatha iad roinnt gearán a bhain le ceolchoirm agus, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha go léir, shocraigh an Coimisiún Cinnteoireachta ar na gearáin sin a atreorú chuig duine údaraithe le go ndéanfaí breithniú orthu faoi na caighdeáin maidir le cúrsaí reatha.



Public

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Bhain an gearán le scannán a craoladh tráthnóna Dé Domhnaigh ina raibh nochtacht. D'áitigh an gearánach go raibh sé mí-oiriúnach bean nocht a thaispeáint ar an scáileáin ag am inar dóchúil leanaí a bheith ag breathnú. Creideann an gearánach gur cheart go mbeadh tuismitheoirí in ann an teilifíseán a chur ar siúl tráthnóna Dé Domhnaigh gan aon ábhar a bheadh oiriúnach do dhaoine fásta amháin a fheiceáil, go háirithe agus iad ag iarraidh leanaí a chosaint ar inneachar maslach.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara go bhfuil clú ar an scannán [agus] .. gur áirigh sé rátáil 'maoirseacht tuismitheora' ar an scáileáin, a leag síos ionchas lucht féachana don scannán agus a thug le fios go mb'fhéidir go dteastódh ó thuismitheoirí amharc a leanaí a shrianadh... Chuige sin, thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara go raibh a chinneadh sa ghearán sin bunaithe ar a bhreithniú ar na tosca comhthéacsúla sa chás seo amháin agus gur cheart breithniú cúramach ar bhonn cás ar chás a dhéanamh ar ghearáin maidir le léiriú ar nochtacht neamhghnéasach le linn clársceidealaithe roimh an tairseach. (Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Bhain an gearán le tráchtanna a rinneadh le linn cláir agus ar braitheadh gur chaith siad le hábhar an ghinmhillte ar bhealach dímheasúil agus neamhairdiúil. D'áitigh an gearánaí nach ndeachaigh an plé i ngleic le fírinne an ghinmhillte mar shaincheist thromchúiseach agus nach raibh íogaireacht agus freagracht iriseoireachta ann. Dúradh sa ghearán freisin go ndearnadh beag is fiú sa chlár d'eispéiris go leor ban agus gur teipeadh ann bunchaighdeáin na heitice craoltóireachta a bhaint amach, lena n-áirítear riachtanais maidir le neamhchlaontacht agus meas ar dhearcthaí éagsúla maidir le saincheisteanna casta morálta agus sóisialta.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta dá aire nár mhaígh an mhír gur díospóireacht, ná anailís a bhí inti maidir le ginmhilleadh ...Ina theannta sin, braitheann sé ó dhuine go duine cén ábhair a mhaslaíonn daoine agus ní féidir a bheith cinnte nach mbeidh masla ag baint le bunábhar clár. Bhí [an t-agallóir] i dteideal a heispéireas pearsanta le ginmhilleadh a roinnt ... agus níltear ag súil go ndéanfadh láithreoirí agóidí láidir i gcoinne daoine ... a roinneann scéalta pearsanta. (Diúltaíodh don ghearán)

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.




Public


# Cúram Sláinte

Bhain 6.45% de na gearáin ar glacadh leo le cláir a bhain le cúram sláinte.

## Ábhair an Inneachair




## Ábhar Imní a bhíonn i nGearáin




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# Cúram Sláinte

- Is minic a líomhnaítear i ngearáin nach raibh raon tuairimí i gclársceidealú nó gur cuireadh tuairimí an chraoltóra féin in iúl ann.
- I gcás ina ndéantar iarracht i gclár gné chúng d’ábhar a bhaineann le cúram sláinte a chlúdach go mion, creideann roinnt ball den phobal gur cheart dearcthaí ar gach gné den ábhar a áireamh d’fhonn cothroime a bhaint amach.
  - Is féidir cothroime a bhaint amach trí raon tuairimí a áireamh atá ábhartha don ghné den ábhar atá á clúdach.
  - D’fhéadfadh sé go mbraithfeadh an raon iomchuí tuairimí ar leagan amach an chláir agus an chaoi a chaitear leis an ábhar.
- Tugann na gearáin le tuiscint go mothaíonn an pobal go láidir faoi shaincheisteanna cúram sláinte bunaithe ar chearta, amhail ginmhilleadh agus vacsaíniú.
  - Rinne gearánaithe a chreid gur cheart go mbeadh tuairimí ar son na beatha sna clár formhór na ngearán ar glacadh leo i ndáil le clársceidealú inar díríodh ar ghinmhilleadh
  - Fuarthas gearáin i ndáil le ginmhilleadh ó bhaill aonair den phobal agus ó eagraíocht ar son na beatha.
  - Líomhnaíodh i ngearán amháin sárú ar phríobháideachas de bharr taifeadadh faoi cheilt a áireamh ach chinn an Coimisiún Cinnteoireachta an gearán seo a dhiúltú amhail a bheith neamh inbhuanaithe mar gheall nach raibh an duine so aitheanta sa chlár.
  - Dhiúltaigh an Coimisiún Cinnteoireachta gearán amháin a glacadh i ndáil le vacsaíniú mar go bhfuarthas gearán cosúil leis roimhe sin agus go ndearadh cinneadh ina leith.
- Líomhnaíodh i ngearán a rinneadh maidir le tionscal na haeistéitice gur gríosaíodh breathnóirí chun coir a dhéanamh trí thaifeadtaí ceilte a rinneadh de tháirgí mídhleathacha á gceannach.
  - I gcúinsí teoranta, is féidir údar a bheith le taifeadtaí ceilte ar mhaithe le leas an phobail, faoi réir chosaintí eagarthóireachta sonracha atá lasmuigh de raon feidhme na tuarascála seo.
  - Chinn an Coimisiún Cinnteoireachta an gearán a dhiúltú ar na forais nach raibh sé inbhuanaithe.

Cinntí an Choimisiúin Cinnteoireachta




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Bhain an gearán le taifeadtaí ceilte. Creideann an gearánaí gur chuir daoine iad féin in iúl mar iriseoirí agus imscrúdaitheoirí láithreacha coire agus go ndearna siad sraith radharc eagraithe ar cheamara chun daoine eile a mhealladh chun cionta a dhéanamh, rud a chreideann siad a bhaineann an bonn de ról agus údarás na gcomhlachtaí ábhartha. Áitíodh sa ghearán gur spreag an t-iompar seo go gníomhach gníomhaíocht choiriúil agus go ndearnadh é i riocht na hiriseoireachta, ag maíomh gur ar son leas an phobail a bhí sé chun dearcadh ar leith a chur chun cinn agus clicmhealladh a chothú.

**Cinneadh**

Ceadaítear sa Chód ... an cineál seo tuairiscithe iniúchta chun éagóir a nochtadh agus déantar foráil ann do thaifeadadh ceilte a úsáid i gcásanna den sórt sin ... thug an Coimisiún Cinnteoireachta dá aire gur ar mhaithe le leas an phobail atá an clár ... Ní cheanglaíonn forálacha Rialacha 12 agus 13 faomhadh ó aon údaráis forfheidhmithe chun taifeadtaí rúnda a dhéanamh…Ní raibh aon ghairm chun gníomhartha coiriúla a dhéanamh sa chlár. (Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Bhain an gearán le clár inar tuairiscíodh ar léirmheas ar sheirbhísí ginmhillte agus líomhnaíodh gur cuireadh chun cinn ann rochtain níos mó ar sheirbhísí ginmhillte. D'áitigh an gearánaí nár áiríodh sa chlár dearcthaí i bhfabhar córais mhaoirseachta nó nár fiosraíodh an fhéidearthacht leanúint leis an toircheas chuig an téarma iomlán mar mhalairt. Ardaíodh imní sa ghearán freisin go bhfuil fir agus aithreacha i dteideal tuairimí a chur in iúl faoin saincheist ach nach raibh na tuairimí sin sa chlár.

**Cinneadh**

Chinn an Coimisiún Cinnteoireachta gur cuireadh claonadh ar son an ghinmhillte chun cinn sa chlár agus nár áiríodh guthanna, lena n-áirítear guthanna na bhfear/n-aithreacha, a easaontaíonn le ginmhilleadh, rud a bhí bunaithe ar mhíthuiscint ar chuspóir luaite an chraolacháin ... Tugadh faoi deara sa chlár .. gur saincheist dheighilteach atá i soláthar seirbhísí ginmhillte, le mionlach suntasach den daonra ina choinne ... [C]hinn an Coimisiún Cinnteoireachta go raibh easpa fiúntais leis an líomhain nár cuireadh raon leordhóthanach tuairimí ar fáil. (Diúltaíodh don ghearán)

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.





Public

# Siamsaíocht

Coimisiún na Meán

Bhain 5.38% de na gearáin a fuarthas le cláir shiamsaíochta.




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# Siamsaíocht

- Líomhnaíodh i bhformhór na ngearán maidir le cláir shiamsaíochta go raibh an t-inneachar ina chúis le díobháil agus masla.
- Agus cinneadh á dhéanamh ar ghearáin den sórt sin, tá an Coimisiún Cinnteoireachta aireach go háirithe ar ionchas an lucht féachana i ndáil le gach clár.
- Tugann gearán le fios go bhfuil sé de nós ag an bpobal gearán a dhéanamh má mhaslaíonn rud éigin go pearsanta iad. Breithníodh nach raibh formhór an inneachair a ndearnadh gearán ina leith 'thar a bheith maslach'.
- Líomhnaíodh i ngearáin go raibh an chóireáil ghreannmhar ar ábhair amhail meabhairshláinte agus reiligiún maslach.
  - Líomhnaíodh i roinnt gearán go raibh easpa measa ar chreidimh reiligiúnacha d'ainneoin nárbh é an reiligiún príomhfhócas an chláir
  - I ngearáin eile, díríodh ar chreideamh reiligiúnach i míreanna den chlár ach bhí siad i gcomhthéacs an rannpháirtí ag labhairt faoina chreideamh pearsanta agus a thaithí saoil féin.
- Cé go bhféadfadh greann dóchúlacht an mhasla a mhaolú measann an Coimisiún Cinnteoireachta ionchais dhóchúla an lucht féachana ina iomláine
  - Mheas an Coimisiún Cinnteoireachta go raibh fiúntas le gearán maidir le clár a raibh sé i gceist leis cur chuige greannmhar a ghlacadh i leith ábhar na gadaíochta agus na mionchoireachta ar an mbonn go ndearna sé beag is fiú de ghníomhartha den sórt sin.
- D'fhéadfadh an cur chuige maidir le hábhar a chlúdach tionchar a imirt ar dhóchúlacht an mhasla
  - Dhiúltaigh an Coimisiún Cinnteoireachta gearán maidir le clár inar scrúdaíodh tionchar ADHD ar shaothar ealaíonta mar go raibh leagan amach an ábhair dírithe ar thionchar dearfach ADHD ar an gcruthaitheacht.

Cinntí ón gCoimisiún Cinnteoireachta:




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Chreid an gearánaí go ndearna an láithreoir tráchtanna an-mhaslacha maidir le buidéil fuail in easnamh nó goidte agus nach raibh aon údar le tráchtanna maidir leis an gcaoi ar líonadh an buidéal nó céard a tharlódh dá n-ólfaí é. Mheas an gearánaí go raibh sé gránna agus an-mhaslach agus chreid sé nár léirigh an láithreoir aon fheasacht go bhféadfadh leanaí a bheith ag éisteacht, rud a léirigh easpa measa agus dínite.

**Cinneadh**

Cé go bhféadfadh an gearánaí a mheas go raibh an t-inneachar maslach go pearsanta, ní léir go raibh an t-inneachar maslach go forleathan agus ... cé go bhfuil an craoltóir freagrach in éineacht le tuismitheoirí as leanaí a chosaint, ní clár raidió do leanaí é [an clár], agus tá ionchas lucht éisteachta fadbhunaithe ann maidir le cineál agus tuin an inneachair atá ann. Anuas air sin, bhí an comhrá éadrom agus ní comhrá a bhí ann a bhféadfaí a mheas go réasúnach go mbeadh drochthionchar aige ar leanaí a bhí ag éisteacht. (Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Mheas an gearánaí go raibh an clár iomarcach agus déistineach de bharr claontagairt agus teagmháil fhisiciúil idir rannpháirtithe. Mheas an gearánaí nár cheart é a thaispeáint ar an teilifís náisiúnta atá maoinithe ag an táille cheadúnais agus nár cheart go mbeadh ar bhreathnóirí breathnú air. Ba léir don ghearánaí gur bhraith an clár ar ghnéas chun aird a tharraingt, agus níos theastaigh uathu bheith neamhchosanta ar a leithéid. Chreid an gearánaí gur léirigh an craoltóir easpa moráltachta trína cheadú ar an aer.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoi deara go bhfuil [an clár] dírithe ar lucht féachana fásta, go dtaispeántar é tar éis na tairsí le rátáil ar an scáileán do lucht féachana fásta agus go bhfuil ionchas lucht féachana fadbhunaithe maidir le stíl agus tuin an ... chláir ina bhféadfadh téamaí agus teanga do dhaoine fásta a bheith ann, lena n-áirítear claontagairt ghnéasach ... Níl aon cheart ann gan bheith maslaithe agus, do chraoltóirí, meastar, agus a ndualgas á chomhlíonadh acu chun réimse éagsúil ... clársceidealúcháin ... a sholáthar do lucht féachana nó éisteachta éagsúil, go mbeidh clársceidealú ann a mhaslaíonn roinnt daoine." (Diúltaíodh don ghearán)

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.




Public

# Coireacht


Coimisiún na Meán

Bhain 6.45% de na gearáin a fuarthas le cláir maidir le coireacht. Bhain 83% de na gearáin leis an nuacht, agus bhain 17% le cúrsaí reatha.

## Ábhair an Inneachair




## Ábhar Imní a bhíonn i nGearáin




* Níl aon sainchúraimí rialála ar an gCoimisiún i dtaca leis an gclúmhilleadh.

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# Coireacht

Coimisiún na Meán

- Bhí imní ar roinnt gearánaithe maidir le tuairiscí ar íospartaigh agus déantóirí coire in inneachar inar tuairiscíodh ar choireacht nó ina ndearnadh í a phlé.
  - Bhí imní ar ghearánaithe go bhféadfadh tuairiscí áirithe drochthionchar a bheith acu, lena n-áirítear an fhéidearthacht de stiogmatú a dhéanamh nó fuath nó foréigean a ghríosú in aghaidh íospartach agus déantóirí coire. Dhírigh an imní seo go háirithe ar neamhnáisiúnaigh agus daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.
  - Nuair a bhíonn na gearáin seo á meas, tugann an Coimisiún Cinnteoireachta aird chuí ar chruinneas na dtuairiscí agus ar an údar eagarthóireachta lena n-áireamh.
- Líomhnaíodh i roinnt gearán go raibh an t-inneachar clúmhillteach.
  - Ní thagann clúmhilleadh faoi shainchúram rialála an Choimisiúin

Cinntí ón gCoimisiún Cinnteoireachta




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Bhain an gearán leis an gcaoi ar léiríodh foréigean baile le linn na míre, ag tabhairt faoi deara úsáid íomhá inar cosúil go raibh fear ag béicíl ar bhean. Chuir an gearánaí in aghaidh an chláir freisin toisc gur soláthraíodh sonraí teagmhála do sheirbhísí tacaíochta Chúnamh do Mhná gan faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí a thacaíonn le fir atá ina n-íospartaigh den fhoréigean baile. D'áitigh an gearánaí go mbíonn tionchar ag foréigean baile ar dhaoine de gach inscne agus mhothaigh sé nár léiríodh é sin sna híomhánna a úsáideadh ná sa chaoi ar cuireadh faisnéis tacaíochta i láthair.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta dá aire ... níl cás substainteach sa ghearán maidir leis an gcaoi ar ionann an íomhá d'ionsaitheoir firinn nó íospartach firinn easpa neamhchlaontachta ná oibiachtúlachta sa chumhdach ar an scéal nuachta seo ... Ní thugann an gearánaí cás substainteach maidir leis an gcaoi ar ionann sonraí teagmhála a sholáthar do sheirbhísí tacaíochta do mhná i gclúdach ar scéal nuachta maidir le coireanna a dhéantar den chuid is mó in aghaidh ban agus easpa neamhchlaontachta nó oibiachtúlachta i dtuairisciú ar na staitisticí coireachta sin. (Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Bhain an gearán leis an gcaoi a ndearnadh cur síos ar an íospartach i dtuairisc inar áiríodh tagairtí do stíl mhaireachtála an íospartaigh. D'áitigh an gearánaí gur thug sé seo le fios go raibh roinnt freagrachta ar an íospartach as an bhforéigean. D'ardaigh an gearánaí imní go bhfuil baol go ndéanfadh an cineál seo tuairiscithe díobháil síceolaíoch do mhná ar íospartaigh foréigin iad, go bhféadfadh sé an dóchúlacht go dtuairisceofaí an foréigean sin a laghdú, agus go bhféadfadh sé smaointe díobhálacha a atreisiú go bhfuil foréigean tuillte ag mná áirithe.

**Cinneadh**

Chinn an Coimisiún Cinnteoireachta gur cheart ...[c]úram a ghlacadh nuair atáthar ag tuairisciú ar choireanna agus i gcásanna foréigean inscnebhunaithe ...D'fhéadfaí an tuairisc ar staid leochaileach an íospartaigh a mheas mar thar a bheith neamh-mhothálach agus d'fhéadfadh sé bheith maslach, go háirithe toisc nach bhfuil gá le sonraí den sórt sin ionas go dtuigfeadh an lucht féachana cineál an scéil nuachta. (Gearán atreoraithe chuig duine údaraithe)


Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.




Public

# LADTA+

Bhain 4.84% de na gearáin a fuarthas le cláir maidir le cúrsaí LADTA+.




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025




Public

# LADTA+

- Rinne eagraíochtaí agus daoine aonair gearáin, a raibh tuairimí contrártha acu maidir le cúrsaí beartais, oideachais agus sláinte éagsúla a bhaineann leis an bpobal LADTA+.
- I gcás ina ndéantar iarracht i gclár gné chúng d’ábhar a bhaineann le hábhar LADTA+ a chlúdach go mion, creideann roinnt ball den phobal gur cheart dearcthaí ar gach gné den ábhar a áireamh d’fhonn cothroime a bhaint amach.
  - Is féidir cothroime a bhaint amach trí raon tuairimí a áireamh atá ábhartha don ghné den ábhar atá á clúdach.
  - D’fhéadfadh sé go mbraithfeadh an raon iomchuí tuairimí ar leagan amach an chláir agus an chaoi a chaitear leis an ábhar.

Cinntí ón gCoimisiún Cinnteoireachta




- Líomhnaíodh i ngearáin easpa cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta nuair a bhí rannpháirtithe i gclár ag labhairt faoina dtaithí saoil.
  - I gcúinsí den sórt sin, go ginearálta ní ceanglas a bhíonn ann nó b’fhéidir nach mbeadh sé iomchuí do láithreoirí nó agallóir agóid láidir a dhéanamh i gcoinne scéal pearsanta nó taithí duine.
  - Is minic go ndéanfadh gearánaí na líomhaintí seo a bhfuil tuairimí nó creideamh contrártha aige/aici leis an duine atá ag labhairt faoina thaithí/taithí saoil.

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Cás-staidéir

Coimisiún na Meán

**Gearán**

Bhain an gearán le rogha rannpháirtithe ag plé le rialú dlí a bhain le cearta trasinscne, ag creidiúint gur cheart go n-áireodh an craoltóir ionadaithe ó eagraíochtaí a thacaíonn le cosaint spásanna do mhná amháin agus saineolaithe dlí feimineacha a áiríodh chun míniú a thabhairt ar an gcúis gur bhrath roinnt daoine go ndearnadh cosaintí do mhná a athbhunú i láithreacha cosúil le dídean, spóirt, príosúin agus seirbhísí inscne aonair de thoradh an bhreithiúnais. D'ardaigh an gearánaí freisin imní mar gheall nach ndearna an t-óstach agóid in aghaidh míchruinnis fhíriciúla líomhnaithe agus nár cheartaigh sé iad, agus gur theip air frithchothromaíocht ná comhthéacs leordhóthanach a thabhairt.

**Cinneadh**

Thug an Coimisiún Cinnteoireachta faoina aire .. nár mhaígh an mhír go raibh scrúdú á dhéanamh ar an rialú agus ar na dearcthaí éagsúla ina leith. ... Thug an t-agallaí léiriú cruinn ar a tuairimí ar fhreagairt an phobail trasinscne. Thug an Coimisiún Cinnteoireachta dá aire, i gclár den chineál sin nach mbíonn coinne leis go ndéanfadh an láithreoir agóid láidir i gcoinne daoine a bhfuil a scéalta pearsanta á roinnt acu. Chinn an Coimisiún Cinnteoireachta nach raibh bunús sa ghearán leis na líomhaintí maidir le míchruinnis agus míléiriú fíricí.
(Diúltaíodh don ghearán)

**Gearán**

Bhain an gearán le láimhseáil ar phlé maidir le haitheantas inscne agus leanaí inar áitigh glaoiteoirí go bhféadfadh roinnt leanaí a dhiagnóisítear mar thrasinscne a bheith uathach freisin agus go bhféadfadh iompair a bhaineann le hinscne athrú le himeacht ama, go háirithe le linn ógántachta. Chreid an gearánaí gur ardaigh sé seo imní faoi aitheantas inscne a theagasc i scoileanna. Chreid an gearánaí freisin gur chuir an láithreoir isteach agus go ndearna siad beag is fiú de ghlaoiteoirí a thacaigh leis an tuairim seo agus nár léirigh siad faisnéis leordhóthanach ná oscailteacht nuair a bhí saincheist íogair a bhain le leanaí á plé ar an raidió náisiúnta.

**Cinneadh**

Is é tuairim an Choimisiúin Chinnteoireachta gur thug an craoladh raon leathan tuairimí i bhfabhar agus i gcoinne aitheantas inscne a theagasc i scoileanna, gur thug an láithreoir dóthain ama do ghlaoiteoirí chun a bpointí a dhéanamh, agus nár cheistigh an láithreoir go leordhóthanach na tuairimí a cuireadh i láthair . Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cinnteoireachta nach raibh fiúntas ag baint leis an maíomh nach raibh an plé cóir i ndáil le leasa gach duine agus nach raibh sé neamhchlaonta.
(Diúltaíodh don ghearán)

Rinneadh achoimre ar fhaisnéis faoi ghearáin le haghaidh cás-staidéar trí úsáid a bhaint as IS.




Public


# Ábhair Eile na nGearán

Coimisiún na Meán

Rinneadh an 24.82% eile de ghearáin i ndáil leis na hábhair thíos.

## Ábhair na nGearán








Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

# Ábhair Eile na nGearán




* Níl aon sainchúraimí rialála ar an gCoimisiún i dtaca leis an gclúmhilleadh.

Áiríodh raon líomhaintí de sháruithe ar chaighdeáin inneachair agus ar chaighdeáin cumarsáide tráchtála sna gearáin sin. Cumhdaíodh raon leathan ábhar sna gearáin sin, agus bhí sé deacair léargas agus treochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na gearánaithe a bhaint astu.

**Spórt**
Go ginearálta, bhain gearáin a rinneadh maidir le cláir spóirt le tráchtanna a rinne tráchtairí nó anailísithe ar chláir a mheas gearánaithe a bheith maslach.

**Fóntais agus Seirbhísí Riachtanacha**
Bhain na gearáin seo le fógraí agus líomhnaíodh go raibh an méid a maíodh sna fógraí míthreorach agus folaitheach.

**Sochaí agus Cultúr na hÉireann**
Cé nár tháinig aon treochtaí láidre chun cinn, d'fhéadfadh an líon gearán a fuarthas a thabhairt le fios go mothaíonn an pobal go láidir faoi léiriú shochaí, chultúr agus stair na hÉireann sna meáin.

**Éire Shochstairiúil**
Go ginearálta, líomhnaíodh sna gearáin seo go raibh na pointí a rinneadh míchuí, díobhálach agus maslach agus gur ghríosaigh siad fuath.

**Leas Ainmhithe**
Díríodh go príomha sna gearáin sin ar rialú ainmhithe. Líomhnaíodh sna gearáin go ndearna an láithreoir, tríd an bplé a éascú, éisteoirí a ghríosadh nó a spreagadh chun coir a dhéanamh.

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

Coimisiún na Meán

# Cén chaoi a ndéanann an Coimisiún Cinnteoireachta Cinntí maidir le Gearáin?

## Tosca agus léargas



Public

# Céard a tharlaíonn ag cruinniú gearán de chuid an Choimisiúin Cinnteoireachta?

Coimisiún na Meán

**Gearán a Ullmhú**

- Ullmhaíonn an Fhoireann Gearán tuairisc ar an ngearán lena n-áirítear achoimre ar an inneachar, achoimre ar an ngearán, freagra an chraoltóra/soláthraí físeáin ar éileamh (má fuarthas é) agus moladh.
- Sceidealaíonn Rúnaíocht an Choimisiúin Chinnteoireachta cruinniú Coimisinéirí, cuireann siad an tuairisc ar an ngearán, an comhfhreagras maidir leis an ngearán agus taifeadtaí an inneachair ar fáil, agus iarrann siad dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

**Breithniú an Choimisiúin Chinnteoireachta**

- Déanann na Coimisinéirí athbhreithniú ar an tuairisc ar an ngearán agus ar an taifeadadh den inneachar a ndearnadh gearán ina leith.
- Buaileann an Coimisiún Cinnteoireachta le chéile chun plé a dhéanamh agus cinneadh a chomhaontú maidir le gach gearán.
- Ní mór cinntí a dhéanamh le córam agus go ginearálta tagtar ar chinntí de réir comhthola.

**Cinneadh an Choimisiúin Cinnteoireachta**

- Faomhann an Craoltóir agus an Coimisinéir Físeáin ar Éileamh tuarascáil cinnidh an Choimisiúin Cinnteoireachta.
- Cuirtear an cinneadh in iúl don ghearánaí, don chraoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh agus foilsítear fógraí maidir leis an gcinneadh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.



Public

# Cinntí an Choimisiúin Cinnteoireachta – Brí na gCinntí

Coimisiún na Meán

**1. Atreoraithe chuig an gCraoltóir/Soláthraí Físeán ar Éileamh**

- Ciallaíonn an cinneadh seo go mbeidh sé d'oibleagáid ar an gcraoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh breithniú, nó athbhreithniú a dhéanamh ar an ngearán i gcomhréir lena chód cleachtais maidir le láimhseáil gearán.
- Is dóchúil go ndéanfar an cinneadh seo mura ndearnadh gearán leis an gcraoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh ar an gcéad dul síos, nó murar bhreithnigh craoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh an gearán de réir mar atá sé d'oibleagáid orthu sa reacht faoina Chód Cleachtais maidir le Láimhseáil Gearáin.
- Féadfaidh gearánaithe a ngearán a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún go fóill má bhíonn siad míshásta le freagairt an chraoltóra/tsoláthraí físeáin ar éileamh.

**2. Diúltú don ghearán**

- Tá ceithre fhoras i ndáil le diúltú, a dtugtar breac-chuntas orthu sa reacht, faoinar féidir leis an gCoimisiún Cinnteoireachta gearán a dhiúltú:
  a) Tá an gearán suaibhreosach nó cráiteach nó ní dhearnadh de mheon macánta é
  b) Tá ábhar an ghearáin fánach.
  c) Réitíodh an gearán go héifeachtach faoi Chód Cleachtais maidir le Gearáin a Láimhseáil de chuid craoltóra nó soláthraí físeáin ar éileamh.
  d) Ní dhearnadh an gearán i scríbhinn le Coimisiún na Meán i gcomhréir leis na hachair ama reachtúla.
- Nuair atáthar ag diúltú faoi (a) agus (b) thuas, cuireann an Coimisiún Cinnteoireachta na critéir i bhfeidhm mar a foilsíodh ar a shuíomh gréasáin.

**3. Atreoraigh chuig Duine Údaraithe**

- I gcás nach bhfuil aon bhunús réasúnach ann chun diúltú do ghearán, ceanglaítear ar an gCoimisiún Cinnteoireachta an gearán a atreorú chuig Duine Údaraithe le go mbreithneofaí ar a iniúchadh.
- I gcás ina gcreideann an Coimisiún Cinnteoireachta go bhfuil fiúntas le gearán, de ghnáth atreoraítear an gearán chuig duine údaraithe.
- Ní dhéanann an Coimisiún Cinnteoireachta cinneadh maidir le cé acu an raibh nó nach raibh sárú ar chaighdeáin ina gcinntí, déanann an Duine Údaraithe an cinneadh sin.



Public

# Cinntí an Choimisiúin Cinnteoireachta – Nóta maidir le Diúltú

Coimisiún na Meán

Déantar foráil in Alt 48(4) nuair a chinneann an Coimisiún Cinnteoireachta gan dul níos faide le gearáin, go bhfuil siad 'diúltaithe.' Ní mór ceann amháin de na ceithre rogha diúltaithe a roghnú:

**a. Suaibhreosach, cráiteach nó ní dhearnadh de mheon macánta é**

Ciallaíonn an cinneadh seo go hiondúil gur léirmhínigh an gearánaí na caighdeáin ar bhealach nach bhfuil inbhuanaithe (ar léir nach bhfuil sé inbhuanaithe) nó go bhfuil na forais ar a bhfuil an gearán á dhéanamh sách láidir (easpa fiúntais)

**b. Tá ábhar an ghearáin fánach**

Go hiondúil, ciallaíonn an cinneadh seo gur fíorbheag iad na hiarmhairtí a thagann ó mhioncheist nó go bhféadfaí a mheas gur pointe teicniúil nó neamhchomhlíonadh íosta atá iontu.

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún Cinnteoireachta teanga an reachta a úsáid. Tá a fhios aige gur féidir leis an teanga seo gearánaithe a ghortú agus ní léiríonn sí tuairim faoin ngearánaí ná a chuid imní.

**c. Réitithe go héifeachtach**

Is féidir leis an gCoimisiún Cinnteoireachta gearán a dhiúltú má réitíodh é go héifeachtach faoi Chód Cleachtais maidir le Gearáin a Láimhseáil de chuid craoltóra nó soláthraí físeáin ar éileamh.  I bhformhór na gcásanna, atreoraítear gearáin chuig an gCoimisiún nuair nach bhfuil an gearánaí sásta le freagra an chraoltóra/tsoláthraí físeáin ar éileamh. Dá bhrí sin, níor diúltaíodh d'aon ghearán ar na forais sin.

**d. Achar ama reachtúil**

Féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta diúltú do ghearáin a dhéantar lasmuigh den achar ama reachtúil ar mhaithe le nósanna imeachta cothroma a chinntiú do gach gearánaí agus craoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh.



Public

# Breithnithe agus Cinntí an Choimisiúin Chinnteoireachta

Coimisiún na Meán

**Meas ar Shaoirse Eagarthóireachta**

Tá an Coimisiún Cinnteoireachta aireach go bhfuil neamhspleáchas eagarthóireachta ag craoltóirí/soláthraithe físeáin ar éileamh chun cinneadh a dhéanamh maidir le hinneachar a chur ar an aer.

Is é ról an Choimisiúin Chinnteoireachta caighdeáin inneachair ghinearálta a leagan amach, seachas chun cinneadh a dhéanamh maidir le cén inneachar is ceart a dhéanamh nó cén chaoi.

**Ina iomláine agus I gComhthéacs**

Tugann an Coimisiún Cinnteoireachta an clár uile san áireamh, fiú mura ndéantar gearán ach maidir le mír áirithe.

**Ionchas an Lucht Féachana/Éisteachta**

Tugann an Coimisiún Cinnteoireachta stíl agus tuin an chláir san áireamh.

Déanann an Coimisiún Cinnteoireachta breithniú ar an spriocluct féachana agus a n-ionchais

**Leagan Amach an Chláir**


Féachann an Coimisiún Cinnteoireachta níos faide ná ábhar an chláir agus déanann sé breithniú ar a leagan amach agus a chuspóir.

**Údar**

Breithníonn an Coimisiún Cinnteoireachta cé acu an raibh nó nach raibh údar leis an tsaincheist a ndearnadh gearán fúithi i gcomhthéacs an chláir.

i.e. an raibh údar le cine, inscne nó náisiúntacht duine a lua.

## Cinntí ón gCoimisiún Cinnteoireachta




- Diúltaithe – Suaibhreosach, Cráiteach nó Ní Dhearnadh de Mheon Macánta É
- Diúltaithe – Tá Ábhar an Ghearáin Fánach
- Diúltaithe – Rinneadh an Gearán Lasmuigh den Achar Ama Reachtúil
- Atreoraithe chuig Duine Údaraithe lena Bhreithniú le haghaidh Imscrúdaithe
- Atreoraithe chuig an gCraoltóir lena Bhreithniú faoina Chód Cleachtais maidir le Gearáin a Láimhseáil
- Diúltaithe – Suaibhreosach, Cráiteach nó Ní Dhearnadh de Mheon Macánta É agus Tá Ábhar an Ghearáin Fánach

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

Coimisiún na Meán

# Gearáin Atreoraithe chuig Daoine Údaraithe



Public

# Cinntí an Duine Údaraithe

Coimisiún na Meán

## Cé hiad na daoine údaraithe?

- Tá an painéal daoine údaraithe comhdhéanta d’fhoireann shinsearach Choimisiún na Meán a bhfuil an saineolas agus taithí iomchuí acu.

## Cén ról atá ag daoine údaraithe?

- Breithníonn duine údaraithe gearán agus cinneann sé an bhfuil cúis le bheith in amhras go raibh sárú i mbunábhar an chláir faoina ndearnadh an gearán.

## Cad a tharlaíonn ansin?


- I gcás ina gcinneann duine údaraithe go bhfuil cúis le bheith in amhras maidir le sárú, ansin cinneann an duine údaraithe cé acu an gá a iarraidh ar oifigeach údaraithe imscrúdú a dhéanamh.



Public

# Cinntí an Duine Údaraithe – An bhfuil cúis le bheith in amhras maidir le sárú?

Coimisiún na Meán






Public

# Cinntí an Duine Údaraithe – Déan Iarracht Teacht ar Réiteach

Coimisiún na Meán

**Cad is brí le iarracht teacht ar réiteach?**

I gcás ina gcinneann duine údaraithe go bhfuil cúis le bheith in amhras maidir le sárú, d’fhéadfaí deis a thabhairt don chraoltóir/soláthraí físeáin ar éileamh chun aighneacht a dhéanamh maidir leis an gcinneadh. Is féidir bearta a áireamh san aighneacht sin chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna agus lena chinntiú nach dtarlaíonn siad arís.

**Cad a tharlaíonn ansin?**

Féadfaidh an duine údaraithe an aighneacht a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ar cheart nó nár cheart tús a chur le himscrúdú.

**Agus ansin?**

I gcás ina gcinneann duine údaraithe gan imscrúdú a dhéanamh ar bhonn gealltanas a dhéanann an craoltóir/an soláthraí físeáin ar éileamh, déanann an Coimisiún obair leantach maidir le cur chun feidhme na ngealltanas sin.

I gcás nach bhfaightear aon aighneacht, nó mura bhfuil na bearta a mholtar leordhóthanach, féadfaidh an duine údaraithe a chinneadh oifigeach údaraithe a threorú chun tús a chur le himscrúdú.




Public


# Atreoruithe chuig Duine Údaraithe

Coimisiún na Meán

An Cineál Cláir:




Ábhar Imní a bhíonn i nGearáin




Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025. Cuireadh 25 gearáin faoi bhráid duine údaraithe sa tréimshse tuairisce



Public


# Cinntí an Duine Údaraithe

Coimisiún na Meán

- Tá na sonraí maidir le gearáin a chinneann daoine údaraithe réasúnta beag i gcomparáid leis an líon gearán a ndearna an Coimisiún Cinnteoireachta cinneadh ina leith.
- Mar thoradh air sin, tá sé róluath léargas a bhaint ó chinntí an duine údaraithe.
- As an 25 ghearán a atreoraíodh chuig duine údaraithe, rinneadh cinneadh ar 9 gcinn daoibh le linn na tréimhse tuairiscithe.
- I gcás inar chinn duine údaraithe go raibh cúis le bheith in amhras maidir le sárú, chinn an duine údaraithe gan imscrúdú a ordú.
- As an 8 ngearán a raibh cúis le bheith in amhras maidir le sárú:
    - 5 ghearán – threoraigh an duine údaraithe an fhoireann ghearáin le dul i dteagmháil leis an gcraoltóir chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart a beartaíodh nó ar tugadh fúthu.
    - 3 ghearán – níor threoraigh an duine údaraithe aon ghníomh breise.
    - D'fhéadfaí a áireamh le bearta réitigh neamhfhoirmiúil:

- Oiliúint
- Athbhreithniú beartais
- Iniúchtaí/RC clársceidealúcháin
- Athchóiriú maoirseachta
- Feabhsuithe ar láimhseáil gearán
- Aistarraingtí/baint inneachair

## Cinntí an Duine Údaraithe maidir le Gearáin




- Cúis le bheith in amhras maidir le sárú ach gan imscrúdú a ordú
- Níl aon chúis le bheith in amhras maidir le sárú

Gearáin ar glacadh leo agus ar glacadh cinneadh maidir leo ón 15 Márta 2023 go dtí an 3 Nollaig 2025



Public

Coimisiún na Meán

© Coimisiún na Meán

www.cnam.ie